www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

ADVANCED
General Certificate of Education
2017

Centre Number

Candidate Number

# Irish

Assessment Unit A2 2
(Sections B and C)
*assessing*
Reading and Extended Writing

AI222

**[AI222]**
**FRIDAY 9 JUNE, MORNING**

## TIME

2 hours 20 minutes.
Candidates are advised to spend 1 hour 20 minutes on Section B and 1 hour on Section C.

## INSTRUCTIONS TO CANDIDATES

Write your Centre Number and Candidate Number in the spaces provided at the top of this page.
Write your answers in the spaces provided in this question paper.
Section B: answer **all** questions.
Section C: answer **one** question only in Irish.

## INFORMATION FOR CANDIDATES

The total mark for this paper is 100:
50 marks for Section B and 50 marks for Section C.
Figures in brackets printed down the right-hand side of pages indicate the marks awarded to each question or part question.
You are provided with an Insert for use with Questions **2** and **3** of Section B in this paper.
The use of a dictionary is **not** permitted.

**Additional Materials Required:**
None.

| For Examiner's use only | |
|---|---|
| Question Number | Marks |
| B1 | |
| B2 | |
| B3 | |
| B4 | |
| C1/2/3 | |
| **Total Marks** | |

www.xtrapapers.com

## Section B: Reading

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**1 Léigh an sliocht seo a leanas faoi airgead a thabhairt don Tríú Domhan agus líon isteach gach bearna leis an fhocal/leis an fhrása is fóirsteanaí ón bhosca thíos. Níl cead focal/frása ar bith a úsáid níos mó ná aon uair amháin.**

### Airgead amú?

Bíonn cuid mhór scoileanna na laethanta seo iontach **(a)** _________________ ar son na ndaoine bochta sa Tríú Domhan.
**(b)** _________________ airgead go rialta agus seoltar é le bia a chur ar fáil do na daoine seo. Bíonn bosca Trócaire i ngach teach i rith an **(c)** _________________ agus sílimid go bhfuil éacht déanta againn má chuirimid cúpla punt isteach ann anois agus arís.

Tá daoine eile ann, áfach, nach mbeadh sásta pingin rua a **(d)** _________________ do na cumainn **(e)** _________________ mar bíonn siad den bharúil go dtéann **(f)** _________________ an airgid le tuarastail na bpríomhfheidhmeannach a dhíol agus nach dtéann ach sciar beag den airgead chuig na daoine atá ar an **(g)** _________________ .

Cuirtear i leith na gcumann fosta go dtéann cuid mhór airgid i dtreo an riaracháin agus go bhfuil **(h)** _________________ á cur, ní hamháin ar na daoine a thugann airgead, ach ar na daoine a sheasann amuigh faoin fhearthainn lá i ndiaidh lae ag tógáil airgid.

www.xtrapapers.com

Examiner Only: Marks | Remark

Ní minic a fheiceann tú an **(i)** ________________ a dhéanann do chuid airgid sa Tríú Domhan agus, mar sin de, ní bhíonn sásamh ar bith agat. Síltear go mb'fhearr i bhfad airgead a thabhairt do **(j)** ________________ áitiúil sa dóigh go dtig leat toradh do chuid flaithiúlachta a fheiceáil agus mothú níos fearr as.

*© Chief Examiner*

| | | |
|---|---|---|
| **thionscnamh** | **riar ar** | **thabhairt** |
| **Baintear** | **dallamullóg** | **go maith** |
| **charthanachta** | **Bailítear** | **mórchuid** |
| **cumann** | **Charghais** | **ghannchuid** |
| **gníomhach** | **cáin** | **mhaitheas** |

**Marks for AO2 [10]**

www.xtrapapers.com

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**2** **Léigh an t-alt *Turasóireacht agus timpeallacht*. (See Insert.)**

**Cuir críoch le gach abairt (a) go (j) le frása ón liosta (i) go (xi) thíos. Cuir an uimhir cheart sa bhosca i ngach cás. Ní bheidh gach abairt de dhíth ort.**

| Tús na habairte | | Críoch na habairte |
|---|---|---|
| **(a)** | Tháinig i bhfad níos mó daoine ar cuairt | |
| **(b)** | Tá an turasóireacht iontach tábhachtach don tír | |
| **(c)** | Tugann an chuid is mó de na daoine cuairt ar Éirinn mar gur | |
| **(d)** | De réir an tsuirbhé, bíonn na turasóirí míshásta nuair | |
| **(e)** | De réir na dturasóirí, tá níos mó | |
| **(f)** | Tá guma coganta ina fhadhb mhór | |
| **(g)** | Síleann eagraíochtaí timpeallachta go bhfuil sé in am ag an Rialtas | |
| **(h)** | Tá orainn a chinntiú | |
| **(i)** | Tá contúirt ann go n-amharcfar orainn | |
| **(j)** | Caithfimid áilleacht na tíre a chaomhnú sa dóigh go | |

**(i)** … chuala siad iomrá ar áilleacht na tíre.

**(ii)** … ó thaobh airgid agus ó thaobh fostaíochta de.

**(iii)** … ní hamháin in Éirinn ach ar fud na hEorpa.

**(iv)** … bhfásfaidh tionscal na turasóireachta.

**(v)** … mar dhaoine brocacha.

**(vi)** … tuirbíní gaoithe ag bun na sléibhte.

**(vii)** … go hÉirinn sa bhliain 2015 ná mar a tháinig sa bhliain roimhe.

**(viii)** … go gcaomhnaítear an tírdhreach.

**(ix)** … a fheiceann siad tuirbíní gaoithe ar an chósta.

**(x)** … buntáistí ná míbhuntáistí ag baint leis na feirmeacha gaoithe.

**(xi)** … praghas an ghuma choganta a ardú.

**Marks for AO2 [10]**

www.xtrapapers.com

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**3 Léigh an t-alt *Turasóireacht agus timpeallacht.* (See Insert.)**
**Freagair as Gaeilge na ceisteanna thíos.**

**(a)** Ainmnigh an áit ónar tháinig níos mó ná leathmhilliún turasóir go hÉirinn sa bhliain 2015.

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**(b)** Cad chuige a bhfuil tuairimí na dturasóirí tábhachtach, de réir an ailt?

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**(c)** Cad é an rud a mheallann an chuid is mó de na turasóirí go hÉirinn?

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**(d)** Luaigh **dhá** bharúil a bhí ag daoine ar na tuirbíní gaoithe.

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**(e)** Chomh maith le bheith salach, cad é an fhadhb eile a chruthaíonn guma coganta don Rialtas?

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**Marks for AO2 [10]**

www.xtrapapers.com

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

## 4 Aistrigh go Gaeilge

Are you addicted to technology? Do you sometimes spend hours looking at your phone?

It is said that there are many people all over the world who cannot be without their smartphone.

Doctors often say that some people prefer to play computer games than to discuss their problems.

Like alcohol or drugs, technology can harm relationships with family and friends.

Young people especially can lose sleep time because of using technology at night.

If you get very anxious when you cannot find your phone, perhaps you are an addict too!

© *Examiner*

www.xtrapapers.com

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

Marks for AO3 [20]

www.xtrapapers.com

## Section C: Extended Writing

**Freagair i nGaeilge ceann amháin de na ceisteanna a leanas. Scríobh 300–350 focal.**

**1 Drámaíocht**

**(a)** "Tá ról iontach tábhachtach le himirt ag Alabhaois sa dráma, ***Breithiúnas,*** le Máiréad Ní Ghráda."

Scríobh aiste a léireoidh do thuairim ar an ráiteas thuas.

**nó**

**(b)** Cad é an tuiscint atá agat ar an difear idir na rudaí a deir daoine agus na rudaí a dhéanann siad, i ndiaidh duit an dráma, ***Breithiúnas***, le Máiréad Ní Ghráda a léamh?

**2 An Chéad Chnuasach**

**(a)** Scríobh aiste a léireoidh an tuiscint atá agat ar théama na coimhlinte sa scéal ***An Cumann*** le Peigí Rose.

**nó**

**(b)** Scríobh aiste faoin léiriú a thugann Peigí Rose ina chuid scéalta ar mhothúcháin an duine.

I do fhreagra, déan tagairt do **dhá** scéal ar a laghad.

www.xtrapapers.com

**3 Filíocht**

**(a)** Scríobh aiste a léireoidh an tuiscint atá agat ar théama an uaignis san fhilíocht a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

I do fhreagra, déan tagairt do **dhá** dhán ar a laghad a bhfuil uaigneas mar théama iontu.

**nó**

**(b)** Scríobh anailís liteartha ar an dán ***An tEarrach Thiar*** le Máirtín Ó Direáin.

Déan cinnte go bpléifidh tú na nithe seo a leanas i do fhreagra:
- príomhthéamaí an dáin
- an dóigh a léiríonn an file a mhothúcháin ann.

**An tEarrach Thiar**

Fear ag glanadh cré
De ghimseán spáide
Sa gciúnas séimh
I mbrothall lae:
    Binn an fhuaim
    San Earrach thiar.

Fear ag caitheamh
Cliabh dá dhroim,
Is an fheamainn dhearg
Ag lonrú
I dtaitneamh gréine
Ar dhuirling bhán:
    Niamhrach an radharc
    San Earrach thiar.

Mná i locháin
In íochtar díthrá,
A gcótaí craptha,
Scáilí thíos fúthu:
    Támhradharc sítheach
    San Earrach thiar.

Tollbhuillí fanna
Ag maidí rámha,
Currach lán éisc
Ag teacht chun cladaigh
Ar órmhuir mhall
I ndeireadh lae;
    San Earrach thiar.

*An tEarrach Thiar by Máirtín Ó Direáin. Published in Máirtín Ó Direáin: Na Dánta by Eoghan Ó hAnluain, 2010. (ISBN: 9781906882693) Published by © An Clóchomhar, Cló Iar-Chonnacht Teo.*

www.xtrapapers.com

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

www.xtrapapers.com

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

www.xtrapapers.com

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

www.xtrapapers.com

| Examiner Only | |
| --- | --- |
| Marks | Remark |

www.xtrapapers.com

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

Marks for AO2 [40]

Marks for AO3 [10]

Total marks [50]

www.xtrapapers.com

**THIS IS THE END OF THE QUESTION PAPER**

www.xtrapapers.com

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.

www.xtrapapers.com

**For use with Questions 2 and 3 of Section B**

**Léigh an t-alt seo a leanas agus freagair na ceisteanna.**

## Turasóireacht agus timpeallacht

De réir figiúirí a d'fhoilsigh Fáilte Ireland ar na mallaibh, tá ardú 11.7% ar líon na dturasóirí a tháinig go hÉirinn sa bhliain 2015 ó bhí 2014 ann. Tháinig 3.8 milliún duine chun na tíre idir Mí Eanáir agus Mí an Mheithimh 2015 agus, as an 3.8 milliún sin, tháinig 659,200 acu ó Mheiriceá Thuaidh.

Is fiú €5 bhilliún tionscal na turasóireachta do gheilleagar na tíre gach bliain agus tá suas le dhá chéad míle duine fostaithe i ngnóthaí a bhaineann leis an turasóireacht. Mar sin de, tá tábhacht ar leith le tuairimí na dturasóirí seo ar an timpeallacht agus ar thábhacht na timpeallachta dóibh féin agus iad ag tabhairt cuairt ar Éirinn.

Rinne Fáilte Ireland taighde anuraidh agus fuarthas amach go dtagann formhór na dturasóirí chun na tíre seo ar mhaithe leis na radharcanna galánta atá le feiceáil fud fad na tíre. Dúirt 91% de na daoine a ghlac páirt sa tsuirbhé gur mheall an tír seo iad mar go raibh clú agus cáil uirthi ar fud an domhain ar mhaithe leis an tírdhreach.

Chuir an suirbhé béim ar thuairimí na dturasóirí i leith feirmeacha gaoithe agus an tionchar a bhíonn acu ar an tírdhreach. Cé go ndúirt 95% de na daoine a ceistíodh go raibh feirm ghaoithe feicthe acu agus iad ag taisteal thart ar Éirinn, dúirt an leathchuid acu nár chuir na tuirbíní gaoithe isteach ná amach orthu agus shíl siad nár mhill siad an timpeallacht. D'admhaigh an chuid is mó acu, áfach, gur chuir tuirbíní gaoithe a bhí lonnaithe cois farraige isteach orthu níos mó ná in áit ar bith eile.

Níor athraigh tuairimí na dturasóirí i leith feirmeacha gaoithe mórán le deich mbliana anuas agus is léir ón taighde a rinneadh gur tábhachtaí i bhfad le daoine an mhaitheas a dhéanann na tuirbíní gaoithe don timpeallacht ná an chuma a bhíonn orthu.

Rud eile a chuir isteach go mór ar thurasóirí ná an guma coganta a bhíonn ar shráideanna na hÉireann. Is é guma coganta an dara fadhb is mó ó thaobh bruscair de sa tír seo agus i ngach tír ar fud na hEorpa. Roimh na Cluichí Oilimpeacha i Londain sa bhliain 2012, mar shampla, ghlac sé trí mhí leis an ghuma coganta a ghlanadh de na sráideanna. Meastar go gcosnaíonn sé suas le €3 le gach píosa guma a ghlanadh den tsráid. Síleann brúghrúpaí timpeallachta gur chóir don Rialtas cáin a ghearradh ar ghuma coganta má tá muid le caighdeán ard glaineachta a choinneáil i mbailte móra na hÉireann. Deir siad go bhfuil ag éirí go maith leis an scéim chánach ar na málaí plaisteacha cheana féin.

Is léir go bhfuil ardú ar líon na ndaoine atá sásta teacht chuig ár dtír bheag ghalánta gach bliain agus caithfimid iarracht a dhéanamh áilleacht na tíre a chaomhnú lena chinntiú nach n-amharcfaidh daoine eile orainn mar dhream salach agus go leanfaidh tionscal na turasóireachta uirthi ag fás agus ag feabhsú.

*© Chief Examiner*